2024.M71T

2024L014A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Ealaín

## Amharcstaidéar

## Ardleibhéal

## Déardaoin 13 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

150 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**    / /    Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa scrúdpháipéar seo:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Domhan an Lae Inniu | 50 marc | 7 gceist ghearrfhreagra. |
| Roinn B | An Eoraip agus an Domhan Mór | 50 marc | 6 cheist fhadfhreagra. |
| Roinn C | Éire agus a háit sa Domhan Mór | 50 marc | 6 cheist fhadfhreagra. |

Freagair ceisteanna mar seo a leanas:

- Roinn A – Domhan an Lae Inniu: Freagair **cúig cheist** ar bith.
  (Tá na ceisteanna go léir ar cómharc – 10 marc an ceann).
- Roinn B – An Eoraip agus an Domhan Mór: Freagair ceist **amháin**.
- Roinn C – Éire agus a háit sa Domhan Mór: Freagair ceist **amháin**.

Déan tagairt, áit a n-iarrtar sin, do na **léaráidí ar an mbileog a ghabhann** le Roinn A.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i ndeireadh an leabhráin seo. Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Tá cead agat sceitsí agus léaráidí lipéadaithe a úsáid mar thaca le do fhreagra más mian leat. Tá spás le haghaidh sceitsí agus léaráidí ar fáil i ndeireadh gach roinne. Déan deimhin de, le do thoil, go bhfuil uimhir gach ceiste (agus an pháirt den cheist nuair is gá sin) curtha go soiléir ar gach sceitse nó léaráid.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is le haghaidh sceitsí agus líníochtaí amháin a cheadaítear peann luaidhe, pinn luaidhe dathúcháin san áireamh. Ná húsáid péint ná meán fliuch ar bith eile.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Domhan an Lae Inniu | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair **cúig cheist ar bith** sa roinn seo.

**Ceist 1** **10 marc**

Tá *Meenagrauv* le Ann Quinn **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas: comhdhéanamh, peirspictíocht, dath.

**(b)** Cad faoi a bhfuil an pictiúr seo, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 2** **10 marc**

Tá *Rosmoney* le Sinead Wall **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Conas atá braistint doimhneachta cruthaithe ag an ealaíontóir sa phrionta seo?

**(b)** Ciallaíonn eagrán go bhfuil níos mó ná prionta amháin cruthaithe ag an ealaíontóir.
Cad iad na buntáistí a bhaineann le heagrán a chruthú?
Cosain do fhreagra.

**Ceist 3** **10 marc**

Ainmnigh dealbhóir comhaimseartha atá **beo**, a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi, agus freagair na ceisteanna a leanas.

| Ainm an dealbhóra: |
|---|

**(a)** Tabhair cuntas ar shaothar an dealbhóra seo faoi na ceannteidil seo: téamaí, meáin, scála.

**(b)** An bhfuil rath ar ghairm bheatha an dealbhóra seo, dar leat? Cosain do fhreagra.

**Ceist 4** **10 marc**

Tá saoathar ealaíne teicstíle dar teideal *Arran Noaide* le Mette Roche **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an saothar ealaíne seo faoi na ceannteidil a leanas: úsáid na mbunábhar, dath, líne.

**(b)** Cad iad na saghsanna íomhánna a spreag an saothar ealaíne seo, dar leat?
Tabhair fáthanna le do fhreagra agus fianaise á húsáid agat ón léaráid a thaispeántar.

**Ceist 5** **10 marc**

**(a)** Cén fáth a bhfuil ról an choimeádaí i ngailearaí poiblí chomh tábhachtach sin?

**(b)** Cad a fhágann go mbíonn tóir ag an bpobal i gcoitinne ar thaispeántas amharcealaíne? Tabhair míniú ar do fhreagra.

**Ceist 6** **10 marc**

Tá an múrphictiúr *Echoes* le Add Fuel léirithe **ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an saothar ealaíne seo faoi na ceannteidil a leanas: comhdhéanamh, móitíf, dath.

**(b)** An oireann an saothar ealaíne seo don suíomh ina bhfuil sé? Cosain do fhreagra.

**Ceist 7** **10 marc**

Tá póstaer ó fheachtas fógraíochta clóite, don déantóir peann luaidhe Faber-Castell, **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar dhearadh an phóstaeir faoi na ceannteidil a leanas: leagan amach, solas, codarsnacht.

**(b)** Cad atá na híomhánna ag cur in iúl faoin táirge?
Cosain do fhreagra.

Spás Roghnach Freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

| Roinn B | An Eoraip agus an Domhan Mór | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 8 Ealaín Rómhánúil agus Ghotach (c.1000 – 1500idí)**

Rianaigh bunús agus éabhlóid na nArdeaglaisí Gotacha.

- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar na réimsí cleachtais, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 9 An Renaissance – An Próta-, Luath-, tArd-Renaissance & an Nósúlacht (c.1300 – 1600idí)**

Cén tionchar a bhí ag an staidéar ar an bpeirspictíocht ar ealaín na tréimhse sin?

- Déan tagairt i do fhreagra d'ealaíontóirí ainmnithe agus dá gcuid saothar.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na réimsí cleachtais san áireamh agat.

**Ceist 10 Ealaín Bharócach (c.1600 – 1700idí)**

Pléigh an tionchar a bhí ag pátrúnacht ar fud na hEorpa ar an ealaín sa tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra d'ealaíontóirí ainmnithe agus dá gcuid saothar.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na réimsí cleachtais san áireamh agat.

**Ceist 11 Réalachas, Impriseanachas agus Iar-Impriseanachas (c.1850 – 1900idí)**

Conas a léirigh ealaíontóirí aicmí **agus/nó** inscní le linn na tréimhse seo?

- Déan tagairt i do fhreagra d'ealaíontóirí ainmnithe agus dá gcuid saothar.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar na meáin, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 12 Nua-Aoiseachas (c.1900 – 1960idí)**

Pléigh conas a chuaigh smaointe nua agus cineálacha nua cur chuige i gcion ar an ealaín **agus/nó** ar an ailtireacht le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra d'ealaíontóirí **agus/nó** ailtirí ainmnithe agus dá gcuid saothar.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar na téamaí, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na réimsí cleachtais san áireamh agat.

**Ceist 13 Tar éis 1960**

Pléigh conas a thriail ealaíontóirí bealaí nua lena saothair a dhéanamh agus a thaispeáint le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra d'ealaíontóirí ainmnithe agus dá gcuid saothar.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar na téamaí, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na próisis san áireamh agat.

Spás Roghnach Pleanála.

Freagra ar Cheist

Spás Roghnach Freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

## Roinn C — Éire agus a háit sa Domhan Mór — 50 marc

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 14** **An Ealaín Réamh-Chríostaí (c.4000 RCR – 500 CR)**

Pléigh forbairt na móitífeanna ar shnoíodóireacht cloiche agus ar obair mhiotail le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra do dhéantáin ar leith.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar na bunábhair agus ar na teicnící, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 15** **Ealaín na nOileán (c.500 – 1100idí)**

Conas a chuaigh creideamh agus cleachtais na Críostaíochta i gcion ar na lámhscríbhinní agus ar obair mhiotail le linn na tréimhse seo?

- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí ainmnithe.
- Bíodh plé ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar na bunábhair agus ar na teicnící, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 16** **Ailtireacht agus Ealaín na Meánaoise Déanaí (c.1100 – 1550idí)**

Rianaigh forbairt ailtireacht agus mhaisiú na mainistreacha le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 17** **An Tréimhse Sheoirseach (c.1720 – 1800idí)**

Cén tionchar a bhí ag an 'Turas Mór' ar ealaín **agus/nó** ar ailtireacht na tréimhse seo?

- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí ar leith d'ealaín **agus/nó** d'ailtireacht.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 18** **Ealaín agus Nua-Aoiseachas na hÉireann (c.1880 – 1960idí)**

Mínigh conas mar a d'imir ealaíontóirí Eorpacha na tréimhse seo tionchar ar ealaín na hÉireann.

- Déan tagairt i do fhreagra d'ealaíontóirí ainmnithe agus dá gcuid saothar.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar na meáin agus ar na réimsí cleachtais, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 19** **Tar éis 1960**

Cuir i gcomparáid saothar **bheirt** ealaíontóirí Éireannacha a fhiosraíonn téama na féiniúlachta.

- Déan tagairt i do fhreagra do **bheirt** ealaíontóirí ainmnithe agus dá gcuid saothar.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar na meáin agus ar na próisis, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

Spás Roghnach Pleanála.

Freagra ar Cheist

Spás Roghnach Freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Spás breise le haghaidh freagraí: Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Spás Breise Freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Admhálacha**


**Íomhánna**

Lch 3: Ceist 1
Ann Quinn. *Meenagrauv.* 2021. Ola ar chanbhás.
annquinn.org/2021-2/
(Rochtain déanta: 14 Eanáir 2024)

Lch 4: Ceist 2
Sinead Wall. *Rosmoney*. 2023. Prionta rilífe.
Instagram.com/sineadprintmakerwall/
(Rochtain déanta: 9 Eanáir 2024)

Lch 6: Ceist 4
Mette Roche. *Arran Noaide*. 2023. Snáithíní athchúrsáilte ina sraitheanna agus órdhuille.
Metteroche.com/gallery/open-call-carlow-visual-2023/
(Rochtain déanta: 9 Eanáir 2024)

Lch 8: Ceist 6
Add Fuel. *Echoes*. 2023. Leeds, Sasana.
Eaststreetarts.org.uk/2023/03/09/echoes-a-new-mural-in-collaboration-with-add-fuel/
(Rochtain déanta: 15 Eanáir 2024)

Lch 9: Ceist 7
FCB/Art Group. *Idea.* 2018. Feachtas Priontaí.
Behance.net/gallery/28426457/Faber-Castell-Idea-Print-Campaign
(Rochtain déanta: 14 Eanáir 2024).


Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Ealaín Amharcstaidéar

Déardaoin 13 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30